**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2026)0033

## Ceapachán an Leas-Chathaoirligh ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh

### Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2026 ar an togra ón mBanc Ceannais Eorpach le haghaidh cheapachán an Leas-Chathaoirligh ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (N10-0080/2025 – C10-0366/2025 – 2025/0906(NLE))

**(Formheas)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do thogra ón mBanc Ceannais Eorpach an 17 Nollaig 2025 le haghaidh cheapachán an Leas-Chathaoirligh ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (C10-0366/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa[1],

– ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa agus an Banc Ceannais Eorpach maidir leis na módúlachtaí praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na cuntasachta daonlathaí agus le formhaoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí a thugtar do BCE faoi chuimsiú an tSásra Maoirseachta Aonair[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2019 maidir le cothromaíocht inscne in ainmniúcháin ghnóthaí eacnamaíocha agus airgeadaíochta an Aontais[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2020 maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta:

---

1 IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj.
2 IO L 320, 30.11.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2013/1130/oj.
3 IO C 23, 21.1.2021, lch. 105.

coinbhleachtaí leasa tar éis fostaíocht phoiblí a chosc[4],

– ag féachaint do Riail 135 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0008/2026),

A. de bhrí go ndéantar foráil in Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle go ndéanfaidh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) a thogra chun Leas-Chathaoirleach Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh a cheapadh a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena fhormheas;

B. de bhrí nach mór Leas-Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta a roghnú as measc chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE;

C. de bhrí go ndéantar foráil in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle go ndéanfaidh ceapacháin don Bhord Maoirseachta i gcomhréir leis an Rialachán sin prionsabail na cothromaíochta inscne, na taithí agus na gcáilíochtaí a urramú;

D. de bhrí go bhfuil an Pharlaimint tiomanta do chothromaíocht inscne a áirithiú sna príomhphoist i réimse na baincéireachta agus na seirbhísí airgeadais; de bhrí gur cheart d’institiúidí agus do chomhlachtaí uile an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta bearta nithiúla a chur chun feidhme chun cothromaíocht inscne a áirithiú;

E. de bhrí go ndearna an Chomhairle Eorpach, an 10 Nollaig 2020[5], Frank Elderson a cheapadh mar chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin BCE le haghaidh téarma oifige 8 mbliana ón 15 Nollaig 2020 i gcomhréir le hAirteagal 283(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

F. de bhrí, an 22 Feabhra 2021[6], gur cheap an Chomhairle Frank Elderson mar Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta BCE ar feadh tréimhse 5 bliana ón 24 Feabhra 2021 ar aghaidh;

G. de bhrí gur chuir BCE togra faoi bhráid na Parlaiminte, le litir dar dáta an 17 Nollaig 2025, chun téarma oifige Frank Elderson mar Leas-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta BCE a shíneadh don dara téarma, le fad atá i gcomhthráth le deireadh a théarma mar chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin BCE;

---

4 IO C 270, 7.7.2021, lch. 113.

5 Cinneadh (AE) 2020/2049 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena gceaptar Comhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 420, 14.12.2020, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2049/oj).

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/325 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 maidir le ceapachán an Leas-Chathaoirligh ar Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 64, 24.2.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/325/oj).

H. de bhrí gur lean an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i bParlaimint na hEorpa ar aghaidh ansin le dintiúir an iarrthóra mholta a mheas, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 26(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle;

I. de bhrí gur reáchtáil an coiste éisteacht leis an iarrthóir molta an 28 Eanáir 2026, ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ceisteanna ansin ó chomhaltaí an choiste;

1. ag formheas cheapachán Frank Elderson mar Leas-Chathaoirleach Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an mBanc Ceannais Eorpach agus chuig rialtais na mBallstát.